Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0420(COD)**

**8784/22**

**LIMITE**

**TRANS 265**
**CODEC 619**

PUBLIC

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 6840/1/22 REV 1<br>ST 7456/22<br>ST 7750/22<br>ST 7919/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 15109/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn<br>– Malartú tuairimí |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013[1]. Tíolacadh an togra sin mar chuid de phacáiste ceithre thionscnamh darb aidhm córas iompair an Aontais a nuachóiriú agus tacú leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine, níos glaise agus níos cliste trí fheabhas a chur ar roinnt de phríomhchodanna an togra, amhail an gréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T), na córais chliste iompair, an t-iarnród trasteorann, an t-iarnród fad-achair agus an tsoghluaisteacht uirbeach.

[1] 15109/21.

2. Is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe ar bheartas forbartha TEN-T féachaint le gréasán tras-Eorpach iompair iontaofa, rianúil agus ar ardchaighdeán a thógáil a chinntíonn nascacht inbhuanaithe ar fud an Aontais Eorpaigh gan bearnaí fisiciúla, scrogaill tráchta ná naisc atá in easnamh faoi 2050. Leis an ngréasán seo, beartaítear rannchuidiú le cuspóirí soghluaisteachta inbhuanaithe an Aontais a bhaint amach, le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais. Ba cheart é a fhorbairt de réir a chéile, céim ar chéim, le spriocdhátaí atá beartaithe in 2030, 2040 agus in 2050.

3. Ceithre phríomhchuspóir atá ag an togra:

(i) an t- iompar a dhéanamh níos glaise tríd an mbonn bonneagair iomchuí a sholáthar chun an brú tráchta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú agus – ar bhonn níos leithe – laghdú a dhéanamh ar na seachtrachtaí diúltacha a ghabhann leis an iompar;
(ii) iompar éifeachtúil gan uaim a éascú, ilmhódúlacht agus idir-inoibritheacht idir modhanna iompair a mholadh agus na nóid uirbeacha a chomhtháthú níos fearr leis an ngréasán;
(iii) athléimneacht ghréasán TEN-T a mhéadú i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, guaiseacha nádúrtha eile nó na dtubaistí de dhéantús an duine;
(iv) feabhas a chur ar éifeachtúlacht na n- uirlisí rialachais TEN-T, na hionstraimí tuairiscithe a chuíchóiriú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme TEN-T.

## II. STAID NA hIMEARTHA SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

4. Tá an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ainmnithe ag Parlaimint na hEorpa mar an coiste atá freagrach as an togra seo. Ceapadh Dominique Riquet (Renew, an Fhrainc) agus Barbara Thaler (PPE, an Ostair) mar chomhrapóirtéirí.

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra an 23 Márta 2022. Meastar go nglacfaidh Coiste na Réigiún tuairim maidir leis an togra i mí Dheireadh Fómhair 2022.

## III. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

6. Cuireadh an togra agus an measúnú tionchair faoi bhráid na Meithle um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 6 agus an 13 Eanáir 2022 agus rinneadh mionphlé ar na hairteagail ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2022. Dhírigh 15 de chruinnithe na Meithle a n-aird ar scrúdú a dhéanamh ar an togra le linn an tseimeastair seo. Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar gach caibidil i mí Eanáir agus i mí Feabhra, d'ullmhaigh an Uachtaránacht roinnt nótaí. Ceisteanna a bhí iontu seo do na toscaireachtaí maidir leis na gnéithe is tábhachtaí den togra agus chun tuiscint aonair agus chomhchoiteann ar na saincheisteanna a bhí i gceist a éascú, iarradh ar na Ballstáit treoir a thabhairt maidir leis na hábhair ar tugadh aghaidh orthu.

7. Ina dhiaidh sin, dhréachtaigh an Uachtaránacht roinnt tograí comhréitigh[2] lena gcumhdaítear gnéithe suntasacha den togra trí iarracht a dhéanamh formhór na mbarúlacha ó na Ballstáit a chur san áireamh.

## IV. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA AGUS AN DUL CHUN CINN A RINNEADH

**Barúlacha ginearálta**

8. Den chuid is mó, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an t-athbhreithniú ar an Rialachán mar dheis chun rannchuidiú le Limistéar Eorpach Iompair Aonair inbhuanaithe éifeachtúil agus athléimneach a fhorbairt. Ar an gcaoi chéanna, tacaíodh leis an moladh go ndéanfaí an gréasán sin a fhorbairt nó a nuachóiriú i dtrí chéim (in 2030, in 2040 agus in 2050 faoi seach don chroíghréasán, don chroíghréasán leathnaithe agus don ghréasán cuimsitheach).

9. Ba dhíol sásaimh dóibh freisin an moladh go ndéanfaí na Conairí Lasta Iarnróid a ailíniú le Conairí an Chroíghréasáin chun Conairí Iompair Eorpacha a chruthú.

[2] 6840/1/22 REV 1
7456/22
7750/22
7919/22



PUBLIC

10. Chuir cuid de na toscaireachtaí in iúl go n-áirítear i dtogra TEN-T idirghníomhaíocht le tograí eile i réimse an bheartais iompair, go háirithe le Rialachán AFIR agus Treoir CCI, agus cuireadh i dtreis a thábhachtaí atá sé an chomhsheasmhacht a choinneáil ar bun leis na tograí sin.

11. Tríd is tríd, thug na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil méadú suntasach déanta sa togra ar leibhéal na gceanglas atá le baint amach ag an ngréasán ina iomláine ionas gur bonneagar aontaithe an-éifeachtúil lán-inoibritheach a chuideoidh leis an dícharbónú agus leis an ilmhódúlacht a bheidh ann. Chuige sin go háirithe, déantar foráil sa togra gur cheart formhór na gceanglas is infheidhme faoi láthair don chroíghréasán, agus a bhaineann le bonneagar lasta iarnróid, a leathnú chuig an gcroíghréasán nua agus chuig an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear naisc an mhíle deiridh. Anuas air sin, molann an Coimisiún gur cheart cur chun feidhme roinnt oibleagáidí a thabhairt chun cinn i gcomparáid leis an Rialachán reatha. Cé nár cheistigh na Ballstáit ar an iomlán an prionsabal go mbeadh ann ceanglais níos déine, chuir roinnt mhaith acu i bhfios go láidir gur cheart na ceanglais sin a bheith i gcomhréir agus iomchuí leis na feidhmiúlachtaí agus na leibhéil tráchta ionchasacha. Sa chomhthéacs sin, cuireadh imní ar leith in iúl maidir leis na ceanglais mhéadaithe i dtaca leis an gcroíghréasán leathnaithe agus leis an ngréasán cuimsitheach.

12. Ina theannta sin, thug roinnt de na Ballstáit dá n-aire go mbeadh gá le hinfheistíocht shuntasach ó na Ballstáit chun gréasán TEN-T a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear ceanglais nua a chur i bhfeidhm agus spriocdhátaí áirithe a thabhairt chun cinn. Faoin rialachán reatha, measann an Coimisiún gurb ionann na hinfheistíochtaí sin agus 50 billiún EUR in aghaidh na bliana agus, mar thoradh ar an athbhreithniú, 16 billiún EUR breise in aghaidh na bliana, suas go dtí 2050. Dá bhrí sin, leag roinnt de na Ballstáit i bhfios go láidir nár mhór a bheith réalaíoch faoin scéal agus a n-acmhainn mhaoinithe á cur san áireamh, agus nár mhór tacaíocht a thabhairt sna hiarrachtaí sin trí acmhainní airgeadais iomchuí a áirithiú sa bhreis ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair, lena n-áirítear le haghaidh tionscadal a bhaineann leis an gcroíghréasán TEN-T leathnaithe agus leis an gcroíghréasán cuimsitheach.

PUBLIC

**Barúlacha maidir le saincheisteanna sonracha**

13. Prionsabail ghinearálta agus forálacha ginearálta (Caibidlí I agus II): D'ullmhaigh an Uachtaránacht dhá thogra comhréitigh lena ndéantar iarracht, agus loighic agus uaillmhian ghinearálta an togra ón gCoimisiún á gcoinneáil, gnéithe áirithe a shonrú agus a shoiléiriú mar aon le haghaidh a thabhairt ar fhormhór na n-ábhar imní a chuir na Ballstáit in iúl; ar an gceann ba mhó díobh sin, bhí an clásal maidir le haibíocht tionscadail a thabhairt isteach an athuair, na nósanna imeachta dlíthiúla a urramú agus acmhainní airgeadais a bheith ar fáil, gan dochar do ghealltanais airgeadais na mBallstát. Thacaigh na toscaireachtaí, a bheag nó a mhór, leis na hathruithe ar an gcomhréiteach deireanach (6840/1/22 REV 1).

14. **Forálacha maidir leis na ceanglais a bhaineann go sonrach le gach modh iompair** (Caibidil III): Tá ríthábhacht ag baint leis na hairteagail sin i gCaibidil III den togra mar gur iontu a leagtar amach na ceanglais shonracha do gach modh iompair, do chríochfoirt ilmhódacha lasta agus do na nóid uirbeacha.

   (i) **Bonneagar iompair d'iarnród**: Tuigtear go rímhaith an ról ríthábhachtach atá ag an iompar d'iarnród ó thaobh cuspóirí bheartas iompair inbhuanaithe na hEorpa a bhaint amach i ndáil le hiompar lasta agus paisinéirí. Ag an am céanna, ardaíodh ceisteanna agus ábhair imní maidir leis na ceanglais nua breise a leanas: leithead lódála P400, oibriú traenacha lasta ag a bhfuil fad traenach 740 m, ar a laghad, ar fud an ghréasáin iomláin, an luas íosta 160 km/u i gcás traenacha paisinéirí ar línte an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin leathnaithe, an luasghéarú ar imscaradh an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid mar aon le díchoimisiniú chóras comharthaíochta Aicme B ar fud an ghréasáin, agus maidir leis na ceanglais a leathnú chuig naisc an mhíle deiridh uile. Ní hamháin go mbeidh infheistíocht ollmhór de dhíth chun na ceanglais sin a chur chun feidhme ach beidh obair shuntasach le déanamh ar línte iarnróid atá ann cheana agus, go deimhin, ar línte iarnróid a tugadh chun críche le déanaí. Ní miste tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na forálacha sin amach anseo.

(ii) **Bonneagar iompair de bhóthar**: D’fhonn sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, áirítear leis an togra an oibleagáid maidir le carrbhealaí ar leith a sholáthar gan crosaire comhréidh agus gan rochtain ar áitribh atá ar an teorainn leo a leathnú chuig an ngréasán cuimsitheach. Spreag an fhoráil seo roinnt ceisteanna ó na Ballstáit, chuir cuid acu i bhfios go mbeadh an fhoráil sin díréireach in imthosca áirithe, agus meabhraíodh dóibh nach bhfuil an bonneagar ach ar cheann amháin de na tosca lena n-áirithítear go ndéanfar dul chun cinn maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

(iii) **Bonneagar aeriompair**: Tríd is tríd, d’aontaigh na Ballstáit leis an gcuspóir nascacht na n-aerfort le seirbhísí iompair d’iarnród a fheabhsú. Ba chosúil, áfach, go mbeadh an cuspóir maidir le haerfoirt uile an chroíghréasáin agus príomhaerfoirt an ghréasáin chuimsithigh a nascadh leis an ngréasán iarnróid fad-achair faoi 2030 agus faoi 2050 faoi seach an-uaillmhianach agus an-deacair a bhaint amach do chuid acu. Ar an gcúis sin, d’iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí na díolúintí a shíneadh agus a shoiléiriú, mhol roinnt acu gur cheart seirbhísí iompair comhchoiteanna atá glan a chur san áireamh mar rogha mhalartach ar nasc iarnróid suite go díreach ag an aerfort.

(iv) **Bonneagar iompair uiscebhealaí intíre**: Cé gur tacaíodh go forleathan leis an bprionsabal borradh a chur faoin iompar ar uiscebhealaí intíre, tá amhras ann i dtaobh cén chaoi ar cheart an ceanglas a thuiscint go mbeadh ar na Ballstáit, ar feadh tréimhsí áirithe den bhliain ar a laghad, doimhneacht cainéal inseolta 2.5 m ar a laghad agus íosairde faoi dhroichid nach féidir a oscailt 5.25 m ar a laghad ag leibhéil uisce thagartha shainithe a áirithiú. Mheas roinnt toscaireachtaí freisin go raibh na cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh don Choimisiún rófhairsing agus gur cheart teorainn a chur leo. Ní miste na forálacha sin a scrúdú a thuilleadh amach anseo.

(v) **Bonneagar muiriompair**: Den chuid is mó, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit coincheap an Spáis Mhuirí Eorpaigh (EMS), agus gur cuireadh naisc loingseoireachta gearrthurais idir calafoirt sa Bhallstát céanna san áireamh. Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil imní orthu maidir leis an oibleagáid calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh a nascadh leis an mbonneagar iarnróid, toisc go bhféadfadh infheistíochtaí móra teacht as sin i gcásanna áirithe.


PUBLIC

(vi) **Críochfoirt lasta ilmhódacha**: Tríd is tríd, tuigeadh go bhfuil críochfoirt ilmhódacha an-tábhachtach chun comhtháthú modhanna iompair a fheabhsú agus chun an t-aistriú chuig iompar níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a éascú. Mar sin féin, cé gur tacaíodh go ginearálta leis an bprionsabal go ndéanfaí imscaradh na gcríochfort sin a thionlacan agus go dtacófaí leis, ba chúis imní do roinnt toscaireachtaí an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh nód uirbeach ag gach críochfort lasta ilmhódach faoi 2040. Chuir go leor acu in iúl gur cuideachtaí príobháideacha nach bhfuil aon nasc conarthach ná dlíthiúil acu le húdaráis phoiblí is mó a d'fhorbair agus a oibríonn críochfoirt lasta ilmhódacha. Dá bhrí sin, chuir siad in iúl go raibh amhras orthu ar cheart go dtitfeadh na hoibleagáidí dhochta sin ar na Ballstáit.

(vii) **Nóid uirbeacha**: Tríd is tríd, tacaíodh leis an gcuspóir maidir le nóid uirbeacha a chur san áireamh ar bhealach níos fearr sa ghréasán, go háirithe, chun feabhas a chur ar 'naisc an mhíle deiridh', agus aithníodh ról na bpleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe maidir le forbairt uirbeach inbhuanaithe a bhaint amach. Ag an am céanna, mheas roinnt Ballstát go mba dhúshlán mór iad na ceanglais maidir le pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe agus soláthar sonraí a bhunú faoin 31 Nollaig 2025, chomh maith leis an gceanglas maidir le críochfoirt lasta ilmhódacha a chruthú chun freastal ar nóid uirbeacha. Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát i bhfios go láidir gur inniúlacht de chuid na n-údarás áitiúil í an phleanáil maidir le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus gur cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag prionsabal na coimhdeachta.

15. **Forálacha maidir le hiompar cliste athléimneach** (caibidil IV): Maidir le hathléimneacht an bhonneagair, d'aontaigh na toscaireachtaí go bhfuil sé tábhachtach an dúshlán sin a chur san áireamh ina iomláine, ach d'aithin siad ag an am céanna, i bhfianaise éagsúlacht na dtionscadal leasa choitinn, ar tionscnóirí príobháideacha nó údaráis áitiúla a oibríonn cuid acu, gur ar éigean a d'fhéadfaí freagracht a chur ar na Ballstáit sin amháin as an méid sin a dhéanamh. Cheap roinnt toscaireachtaí, gur cheart na ceanglais bhreise maidir le díonadh ar an athrú aeráide a shoiléiriú chun deimhneacht dhlíthiúil na dtionscadal a áirithiú.

PUBLIC

Maidir le cothabháil bonneagair, cé gur aithin formhór na dtoscaireachtaí a ríthábhachtaí atá sí chun ardleibhéal seirbhíse agus sábháilteachta a choinneáil do bhonneagar TEN-T, mheas siad gur fhorchuir na forálacha roinnt oibleagáidí nua ar na Ballstáit a mbeadh tionchar suntasach acu ar phleanáil agus ar chostas cothabhála bonneagar, arbh iad na Ballstáit amháin atá freagrach aisti agus arbh iad amháin a chistíonn í. Níor pléadh go mion an t-airteagal maidir le rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí ag an gcéim seo.

PUBLIC

16. **Cur chun feidhme ionstraimí Chonairí Iompair Eorpacha agus tosaíochtaí cothrománacha – Rialachas** (caibidil V): Thacaigh na Ballstáit, tríd is tríd, le hobair na gcomhordaitheoirí Eorpacha, go háirithe ina ról mar éascaitheoirí neodracha le haghaidh chur chun feidhme an ghréasáin TEN-T. Bhí siad i bhfabhar raon feidhme a ngníomhaíochta a leathnú. Mheas roinnt Ballstát, áfach, go dtéann cuid de na cúraimí atá beartaithe i bhfad níos faide ná an ról sin agus go bhféadfadh ró-ualach a bheith ar comhordaitheoirí mar thoradh orthu. Go háirithe, mheas siad nár cheart go mbeadh baint ró-mhór ag na comhordaitheoirí leis na gnéithe oibríochtúla agus gur cheart comhroinnt na ról le comhlachtaí rialachais na gconairí lasta iarnróid a shoiléiriú.
Ina theannta sin, chuir líon suntasach de na toscaireachtaí forchoimeádais in iúl maidir leis an bhforáil lena dtugtar cumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh gach plean oibre do na conairí iompair Eorpacha agus le haghaidh an dá thosaíocht chothrománacha, toisc go bhfuil amhras orthu faoina breisluach, agus go bhfuil eagla orthu go bhfuil sí liopasta agus go bhfuil amhras orthu faoi na socruithe maidir le garspriocanna idirmheánacha ceangailteacha a roghnú, ós rud é go dtagann ord tosaíochta agus pleanáil tionscadal bonneagair laistigh de Bhallstát, i gcomhréir le treoirlínte an Aontais, faoi inniúlacht náisiúnta.

17. **Forálacha coiteanna** (caibidil VI): Cé go n-aithníonn siad an tábhacht a ghabhann le tuairisciú, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh imní orthu faoin méadú atá ag teacht ar líon na n-oibleagáidí a bhaineann le tarchur sonraí agus d'áitigh siad gur cheart rómhéadú ar an ualach riaracháin a sheachaint, mar shampla tríd an bprionsabal 'inis dúinn aon uair amháin' a chur chun feidhme.

Maidir leis an oibleagáid pleananna náisiúnta a ailíniú le beartas iompair an Aontais, d'aithin na toscaireachtaí a thábhachtaí atá sé go mbeadh na pleananna náisiúnta i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh ar leibhéal an Aontais. Chuir siad i bhfios go láidir freisin gur mhinic a chaithfeadh na pleananna sin raon feidhme níos leithne a chumhdach, agus saincheisteanna Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla á gcur san áireamh. Ina theannta sin, luaigh roinnt díobh go mbeadh sé deacair cloí leis na spriocdhátaí fógartha atá beartaithe chun dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir lena ndréachtphleananna sula nglacfar iad. Ar deireadh, ní mór mionscrúdú a dhéanamh fós ar an airteagal maidir le leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 913/2010.

**Saincheisteanna eile**

18. **Díolúintí**: Sonraítear sa togra go bhféadfar díolúintí ó cheanglais áirithe a lorg i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus faoi choinníollacha áirithe, lena n-áirítear anailís shocheacnamaíoch shonrach ar gach cás. Dheonódh an Coimisiún díolúintí trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Cé gur díol sásaimh dóibh gur féidir maoluithe a iarraidh i gcónaí, mheas na Ballstáit go bhféadfadh an nós imeachta atá beartaithe a bheith ina ualach trom go háirithe i bhfianaise éagsúlacht agus raon feidhme an ghréasáin TEN-T agus leibhéal ard na gceanglas a leagtar síos. Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht agus intuarthacht agus chun an t-ualach riaracháin ar an gCoimisiún agus ar gheallsealbhóirí araon a laghdú, mhol roinnt Ballstát go mbunófaí córas díolúine níos leithne agus níos ginearálta, a mbeadh feidhm aige maidir le forálacha ábhartha an togra.


PUBLIC

19. **Léarscáileanna**: Sheol roinnt Ballstát barúlacha i scríbhinn maidir leis na léarscáileanna atá i gceangal leis an togra, ar léarscáileanna iad nár pléadh go fóill. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht iad sin a phlé leis na Ballstáit lena mbaineann i mí an Mheithimh, plé ina mbeidh an Uachtaránacht nua rannpháirteach chun leanúnachas na hoibre a áirithiú.

## V. CONCLÚID

Measann an Uachtaránacht go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta leis an togra agus go dtugann an obair atá déanta bonn daingean chun tuilleadh oibre a dhéanamh sa Chomhairle.

Ag féachaint don chruinniú den Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 2 Meitheamh 2022, iarrtar ar na hairí an tuarascáil ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire agus tuairimí a mhalartú maidir leis an dá cheist a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

PUBLIC

Mar a léirítear sa tuarascáil ar dhul chun cinn, leis an bplé teicniúil a rinneadh sa Chomhairle bhíothas in ann dul chun cinn a dhéanamh maidir le teacht ar chomhthuiscint ar na saincheisteanna. D'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ionsar chomhsheasamh ón gComhairle, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a gcuid tuairimí a leagan amach maidir leis na pointí seo a leanas, laistigh d'uastréimhse 3 nóiméad labhartha.

PUBLIC

1. Cad iad na príomhbharúlacha ar mhaith libh a roinnt maidir leis na cúig chaibidil chothrománacha (I, II, IV, V, VI) den togra ón gCoimisiún agus maidir le treo na hoibre a rinneadh go dtí seo ar na cúig chaibidil sin?

2. I gCaibidil III leagtar amach na ceanglais shonracha do gach modh iompair, agus do nóid uirbeacha agus críochfoirt lasta ilmhódacha. Cad é bhur n-anailís ar an gcur chuige atá molta ag an gCoimisiún don chaibidil seo?